
# Gaeltacht

6ú Iúil, 1973. Iml. I Uimhir 10. Gach mí LUACH 6p.

# Oirniú Sagairt Óig as Gaoth Dobhair







**BHÍ OLLGHAIRDEAS I nGAOTHDOBHAIR TRÁTHNÓNA DOMHNAIGH AN 10ú MEITHEAMH - NÍ HÉ AMHÁIN I nGAOTH DOBHAIR ACH I BPARÓISTE CHLOICHEANNFHAOLA COMH MAITH AR THEACHT NA BHAILE DON SAGART ÓG - CATHAL Ó FEARRAI MAC LE CONAL AGUS BRÍD BEAN UÍ FHEARRAÍ AS AN LUINNIGH.**

Bhí brait ar craitheadh sa Ghaoth fomharthaí fáiltiú trasna na mbóthar, tinte ar lasadh ar na hardáin, agus na slóite duine ag na cros-bhóthair i rith an bhealaigh on Fhálcarrach anoir gur shroich an Sagart Óg a bhaile féin.

Ag barr Dhobhair bhí banna-Ceoil na bpáistí ag fanacht agus biodh go raibh sé ag cur de dhion 's de dheora san am, shiúl fir, mná agus páistí cos ar chois sa mhór-shiúl an leath mhíle go Teach Chathail Mhic Aoidh agus a bhean Sally, athair-mór agus máthair mhór an tSagart. Ag an teach thug an tAthair Cathal a bheannacht don tslua.

Ag Doiríbeaga bhí an dá bhanna-ceoil ag fanacht banna-cheoil na bpiob na Machaireacha agus banna-cheoil Dhoiríbeaga leis an sagart a chomhóradh go dti na bhaile féin. Ar bhaile na Luinnigh cuireadh an dlaoi mhullaigh ar an fháilte, iadsan nach raibh caoi orthu dhul ina airicis bhí siad cruinnighthe ann ó bharr a' Toir go Cnoc Fola. Bhí an Luinnigh uilig ar lasadh le soillse agus nuair a chuaigh an Sagart Óg in airde ar an ardán ag taobh a theach féin, tógadh gáir molta agus lúchaire nar cluineadh a leitheid a roimhe ar an Luinnigh.




An tAthair Prionsias Ó hEarráin as Dobhair ag caint leis an Dr. Mac Fhichille. Bhí an tAthair Prionsias san rang céanna leis an tAthair Cathal in Ard-Scoil Mhuire.

Labhair an Canónach Mac Eiteagáin Sagart na Paróiste ag cur fáilte roimhe agus an tAthair Aodh Mac Cnáimhsí, Sagart paróiste Chloicheannfhaola a bhí ina Ard-Mhaistir ar Ard-Scoil Mhuire nuair a bhí an tAthair Cathal ann mar mhac-léinn. Chuir Éamonn Ó Gallchóir O.S. an Priomh Oide a bhí aige ar an bhun-scoil, fáilte roimhe ar son an phobail. Labhair an tAthair Prionsias Ó hEarráin an Sagart Óg as Dobhair a bhí ina chara aige ar an Ard-Scoil agus a tháinig na bhaile as Meiricea don oirniú. Labhair an tAthair Cathal é féin ansin agus thug mór-bhuíochas do na cainteoirí do na bannaí-ceoil agus do phobal na Gaeltachta uile a chuir an fháilte chaoin fhlaithiul seo roimhe mar Shagart. Sé Prionsias Ó Maonaigh O.S. as Scoil na Luinnighe a chuir na cainteoirí in aithne.

Tráthnóna Dé Luain léigh an tAthair Ó Fearraí a chéad Aifreann i dTeach Phobail Mhuire in Doirí beaga. Binne ceithre scór páistí - banna ceoil Dhobhair agus banna Ceoil GhaothDobhair iad uilig le chéile an Sagart Óg a chomaradh go Teach an Phobail do na chéad Aifreann.

Rinne daréag sagart an tAifreann a chomhcheiliuradh leis;- An tAthair Seán Ó Gallchóir, Coláiste na Croise Naofa, An tAth., Dónal Mac Suibhne, Ard-Scoil Mhuire, An tAth., Prionsias Ó hEarráin, Dobhair agus Trenton, An tAth., Eoghan Ó Frighil, Cnoc Fola, An tAth., Aodh Mac Cnáimhsí S.P. Cloicheannfhaola, An tAth., Aodh Mac Suibhne, Coláiste Adhamhnain, An tAth., Piaras Ó Duill O.F.M.Cap., Baile Átha Cliath, An Dr., Fidelis Mac Enrí O.F.M. Coláiste Mha Nuat An tAth., Sean Mac Fhionn Doirí Beaga, An tAth., Éamonn Mac Giolla Chóil, Bun an Inbhir, An tAth., Ó Ceitinn, Glascú, An Canónach Mac Eiteagáin S.P. GaothDobhair, An tAth. Eoghain Ó Grianna Na Cealla Beaga agus an tOirmh., Cathal Ó Gallchóir (Diocán) Coitín, Doirí Beaga.

ar lean. Leathanach 2.



Bhí Tomás Ó Domhnaill, T.D., Aire na Gaeltachta, Doiminic Ó Ríordáin, Cathaoirleach, Gaeltarra Éireann agus Cathal Mac Gabhann, Bainisteoir Ginearálta Ghaeltarra, i láthair ag comhdhail de chuid an C.E.L.I.B. (coimisiúin é seo atá ann chun staidéir agus comheagrú a dhéanamh ar chúrsaí airithe na Briotaine) i Saint-Malo, san Bhriotáin.

# Radió na Gaeltachta

DE SATHAIRN, 7u Iuil,
7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Spoirt. 7.30 Seisiun. 8.00 Nuacht. 8.03 Tuairisc Phearsanta. 8.30 A Ghloeia a Chara. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE DOMHNAIGH 8u, Iuil,
7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sean Ban Breathnach. 8.00 Cinnlinte na Nuachta. 8.03 Deir se anseo. 8.07 Learmheas. 8.30 Spoirt an Domhnaigh. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE LUAIN, 9 Iuil,
7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Phaisti. 7.30 Iris an Luain. 8.00 Cinnlinte na Nuachta. 8.03 Iris an Luain. 8.30 Luach do Shaothair. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh creolta.

DE MAIRT, 10u Iuil,
7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Togha agus Rogha. 8.00 Cinnlinte na Nuachta. 8.03 Cre na Cille. Mir a Fiche a Tri. 8.30 Lan a Mhala. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE CEADAOIN, 11u Iuil
7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal le Cabaret Thuar Mhic Eide. 7.30 Iris an Ceadaoine. 8.00 Cinnlinte na Nuarhta. 8.03 Iris an Ceadaoine, cuid a do. 8.30 Grasta o Dhia ar Mhici. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DEARDAOIN, 12u Iuil,
7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Dibhse a Mhna. 7.30 "ASí do Mhamho I" 8.00 Cinnlinte na Nuachta. 8.0e An tSeachtain seo. 8.30 Sa mBruiseal. 8.40 Rogha Gene Martin. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE hAoine, 13u Iuil,
7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Phaisti. 7.30 Iris na hAoine. 8.00 Cinnlinte na Nuachta. 8.03 Iris na hAoine. 8.30 San Oireachtas an tSeachtain seo. 8.45 Lucht Leabhar agus Leinn. 9.00 Nuacht agus Aimsir 9.15 Deireadh Craolta.

TADHG Ó COLLA

Is mór é brón phobail Ghaoth Dobhair faoi bhás Thaidhg Uí Cholla, na Machaireacha, mar bhí meas agus cion ag achan duine air.

Fágann sé a bhean Bríd iníon amháin Maebh, agus beirt mhac, Peadar agus Feardorcha, ina dhiaidh Bhí slua mór i láthair Dé hAoine 29ú Bealtaine nuair a cuireadh i Machaire Gáthlán é. Beannacht Dé lena anam.

---

Comhghairdeas le Máire Ní Ghallchóir, (Máire Mhicí) as an Choitín, Doirí Beaga a fuair Ard-Dioplóma ag Ollscoil na Gaillimhe. Níon le Aodh (nach maireann) agus Máire Bean Uí Ghallchóir.

## Oirniú Sagairt Óig


ar leanstan ó leathanach 1.

Máire deirfiúr an tSagairt agus a dhearthair Pluincead a thug amach na léachtaí. A mháthair, a Athair, a dheárthair Séamus agus a dheirfiúr bheag Aoife a thug Tabhartaisí na hOfrála go dti'n Altoir.

Máire Bean Uí Bhraonáin a bhí imbun na cor-ceoil, agus chum Aodh Ó Dúgáin Iar-Oide Scoile, Dobhar amhrán fé leith do'n Athair Cathal ar an ócáid mhór seo dó.

Bhí Teach Pobail ChoImCille Cnoc Fola lán go doras tráthnóna lárharna mhárach don dara hAifreann ag an tSagart Ó Fearraigh. Chuir Seán Mac Fhionnlaoich as an Ghlaisigh fáilte roimhe ar son phobail ChnocFola. Ag comhcheiliuriú an Aifreann leis bhí an tAthair Leon Ó Maoláin na Frossa a hoirniú ar an lá ceanna leis agus an tAthair Eamonn Mac Giolla Chóil Bun an Inbhir. Anna Ní Bhriain O.S. a bhí i mbun an cheoil agus cheol an pobal uilig le linn an Aifrinn.

# OIDEAS BIA



SPIUNSA BIABHOG

Gearr an Biabhog na phiosai agus cur isteach san mhias pioige iad, go mbeidh an mias leath lan. Cuir siucra leis. Anois dean meascan ciste.

Comhgaisi

6 unsa pluir
3 unsa margarin
3 unsa siucra
i uibh (mor)
Blaisiu (liomoid)
Bainne
½ sp., bheag pudar bacala

Modh.

Dean an meascan ciste agus cludaigh an biabhog leis. Dean e a bhacail i noigheann measartha te 420 no Gas 5 o ½ - ¾ uaire.


Ceachtanna Priomháideacha
Piano do pháistí
ag toiseacht tús mí Iúil ag
MÁIRE NÍ BHRAONÁIN
DOBHAR
Guthán Bun Beag 27

Greene's Garage

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Ford Anglia | 1966. | Renault 4 | 1972. | Austin Maxi | 1972 |
| Mini | 1966. | Renault 4 | 1971. | Fiat 124 Estate | 1970. |
| Cortina | 1971. | Mini | 1971 | Cortina | 1967. |

Morris 30 cwt. Van. £90. (very clean)
A.A. agus R.I.A.C. An Clochán Liath Guthan 14.

AnCO
Oiliúint agus Athoiliúint do dhaoine fásta

Cuirtear na cúrsaí seo leanas ar fáil ag Ionad Oiliúna Anco, Ghaoth Dobhair. Maireann iomlán an chúrsa 20 seachtain.

1. Cúrsa Insealbhú Tionsclach
2. Cúrsa Faibhrithe Scileanna Bunúsach
3. Cúrsaí Tathaí
4. Cúrsa Aire Tionsclach
5. Cúrsa Oibriú Inneall
6. Cúrsa Ginearálta do Oibrithe Tógála

Oibreann an tIonad 40 uair sa tseachtain i dtimpeallacht cosúil le monarchan. Tá an traenáil eagraithe de réir cláir fhorleathain.

Íoctar liúntas seachtainiúil agus taistil leis na foghlaimeoirí. Tá deontas lóistín a íoc fosta do fhoghlaimeoiri atá ar shiúl ón bhaile.

Foirm iarratais agus gach eolas faoi liuntais traenála ó
An Bainisteoir,
AnCo - Ionad Oiliuna Tionsclaíoch,
Na Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.



RADHARC DE MHACHAIRE CHLOCHAIR C.1880.

Banc na hÉireann

# Bun Beag

D'oscail an Banc Náisiúnta Teo. oifig ar an gClochán Liath i 1920.

'Sé Banc na hÉireann ár n-ainm anois agus oifig againn ar an mBun Beag chomh maith. 'Sé ár n-aidhm ná seirbhís cairdiúil pearsanta a thabhairt díbhse, a mhuintir na Gaeltachta.

Bí ag caint go luath le Paddy MacGiolla Bhríde i mBanc na hÉireann, Bun Beag. Cuirfidh sé céad fáilte romhat.

**Banc na hÉireann**
**An banc le do linn**

Guthán: Bun Beag 116 agus An Clochán Liath 30.

# Machnamh

Ag amharc thart dúinn ar Eaglais Chaitliceach an lae inniu, caithfidh sé gur doiligh don seanduine a tógadh le sean dóigheanna agus tradisiún riartha na hEaglaise, caithfidh sé gur doiligh dó glacadh leo, an duine, mar shampla, a tógadh le freastal Aifreann; i Laidin, a bhí cleachtaithe le glacadh na Sacraimintí frid úsáid Laidin, caithfidh sé gur ghortaigh an vernacular é rud beag siocar é a bheith ur nua. Bhí sé ar a shaimhín suilt agus é ag ráit a phaidrín agus an sagart ar an Altór ag guí agus ag ofrail iobairt os íseal. Ba é a dhalta sin é ag riaraithe eile na hEaglaise.

Sé mo bharúil go bhfuil a leithead sin ag éirí cleachtaithe anois leis an rearadh úr seo agus nach maith an rud é. Tá tuigsint níos fearr ag daoine anois ar íobairt neamh-fhiulteach an Dlí Úr agus caidé'n paidir iontach atá acu ann. Nach deas na léigheachtaí agus na Soisgéil a chloisint ina dteangaidh féin agus iad ag fáil míniú le dearcadh níos fearr.

Nach deas na Sacraimintí a fháil agus an sagart a thuigbheail. Cé gur athrú mór úsáid an "Vernacular," níl amhras, ná gur foirfeacht agus feabhar é don phobal.

Tá béim trom láidir ag an Eaglais anois ar an scriptiúir agus is mian léi go ndéanfadh an pobal an Bíobla a léigheadh go minic, agus ciall na ráiteas a thiontadh siar ina gcroithe. Ba cheart go mbeadh cóip den Bhíobla in achan teaghlach agus ní leor sin gan í úsáid - píosa dithe anois agus arís thall agus abhfus.

Sí an fhírinne atá muid ag cuartú agus ní briathra blasta binn agus triall againn ar an mhaith agus foirbhfeacht in áit caoin-chiall nó craobh sca oileadh focal. Mar deir an Sailm - "Ná fiafraí cé duirt seo nó súid - tabhair aire don rud a dubhradh" agus arís "Imigheann na daoine thart ach maireann fírinne an Tighearna go brath." Siocar sin, glac suim i bhfocal Dé - an leabhar beannaithe an Bíobla.



# Bocsa na Litreach

A Chara,

Ag eisteach domh le nuacht scoil Rann na Feirste ar Nuacht Radio na Gaeltachta oíche Chead-aoine, 20 de Mheitheamh 1973, chuir se mo shaith aontais orm. Bhí se tuigte i gcónaí agam gur daoine cneasta fiuntach a bhí fa Rann na Feirste. Is cosúil nach dtabharann siad isteach do chearta saoranaigh ann anois, ar scor ar bith.

Duirt siad go raibh aontas mór orthu nach raibh iomlán de pháistí Rann na Feirste ag freastal ar scoil Rann na Feirste. Cuireann se aontas mor ar chuid de na daoine fosta nuair a imíonn chuid de mhuintir an bhaile sin chun Dia a adhradh in paróistí eile. Ach má gcuireann féin, ní thabharann siad le fios do'n tír e. Bhí sé tuigte agamsa gur an Dia chéanna a bhí i ngach teach pobal.

Ag dul aráis go ceist na scoile, caithfidh sé go bhfuil siad ag crothnú na bpáistí seo atá ag freastal ar scoil Anagaire. Nó bhféidir gur an rolla atá ag dul síos.

Tá súil agam nach n-iarrann siad cur in iúl dúinn gur an Ghaeilge atá siad ag smaointiú air. Nó faraor, níl a dhach le cluinstin ag páistí scoil Rann na Feirste anois, ach SCOTCH.

Mise le Meas,

Rosannach.

# DÚN LÚICHE

Naoi míle soir ó chosta Ghaoth Dobhair tá gleann álainn Díreach faoi bhun an Eargail ata sí agus tá balla ard de chnoic fosta soir agus ó dheas. Ag bun an Ghleanna tá dhá loch, loch Dhún Lúiche agus loch na Cuinge agus ritheann uisce an dá loch isteach in abhann na Cláideadh a bheir chun na farraige iad.

Níl mórán daoine anois ina gcónaí sa Ghleann ach tá a scoil féin fós acu. Tá a dTeach Pobail féin acu fosta cionn de na tithe pobail is aille da bhfuil sa tír. Tá halla acu ach is annamh anois a bhíonn imeacht ar bith ar siúl ann. Daoine laghacha cairdiula iad pobal Dhún Lúiche go mba fada buan iad ina ndúthaigh fein.

Ta teach an Dúin, Dún Lúiche ceannaithe ag muintir Guinness on Mhaor Derek Cooper agus a bhean a bhí ina gcónaí san aras álainn seo le blianta fada anuas.

Tá an teach suite ar an taobh ó dheas de Loch Dhún Lúiche i lár coille. Tá súil againn gur chun leasa phobail Dhún Lúiche a rachaidh úsáid an tí agus an talamh seo sna blianta atá le theacht.

## TORAIGH

Deir Derek Hill, peintéir go bhfuil sé an-shásta leis an dóigh a d'éirigh leis an taispeantas ealaíne a bhí ag muintir Thoraigh i Shamrock Lodge, Fál Carragh. Taispeanadh níos mó na daichead pictiúirí, tarraingthe ag peinteirí an oileán idir óg agus aosta. B'é Derek Hill a thoisigh na daoine ag peinteail i dtosach agus anois tá cail ar an oileán mar gheall ar a gcuid ealaíne.

---

Comhghairdeas le buíon ceoil Dhobhair a bhain an chéad duais ag Féis i Ros Neamhlach Dé Domhnaigh seo chuaigh thart. Tá siad ag glacadh páirt i gcomórtas i gCo. Liathroma i mí Lúnasa fosta. Go néirí an tádh leo.

DÚN LÚICHE

Grianghraf le D. Mac Neillis, Gaoth Dobhair.



# Do'n Aos Óg . . .



Dia dhibh a pháistí.

Tá an Samhradh buailte linn arís agus tá na laethe saoire ann. Tá mé cinnte go bhfuil na páistí uilig iontach sona agus nach gcrothnaionn siad an maistear na an mhaistreas! Is cuma chomh cinealta leis na múinteoiri is maith le páistí a bheith saor.

An iarraidh seo tá cupla sceál agus cros-fhocal agam dibh. Tá súil agam go mbainfidh sibh sult astu.

Slán go fóill, ó bhur gcara. . .

Aindriú.



Clar inion le Seosamh agus Bean Mhic Aoidh, Gearóid mac le Prionsias agus Bean Uí Dhuibhir as Sráth Mairtín. Rinne siad an Chéad Chomaoineach le déanaí.



Róisín Ní Dhónaill as Dobhar Lár. Tá sí 11 bliain d'aois agus ag freastal ar Scoil Dhobhair. Fuair sí onoir i scrudú Pianó (céim) 4) a rinne sí ar na moillimh.

## AN COLM AGUS AN SEANGÁN

Lá amháin i lár an tSamhraidh bhí Seangán ag siúl leis féin chois abhna. Bhí an aimsear go hálainn agus bhí sé iontach té. Bhí an seangán ag amharc ar an uisce agus athas ar a chroí. "Nach deas glan fionnuair an tuisce!" a dúirt sé leis féin. "Caithfidh mé deoch a ól."

Nuair a bhí sé ag ól an uisce thit an créatúir bocht isteach san abhann agus d'imigh sé leis an tsruth.

"Cuidigh liom, cuidigh liom nó báifear mé!" a scáirt sé amach seanard a chinn. Bhí Colm thuas i gcrann in aice leis an abhann agus chuala sé an seangán ag scairtigh. Thóg an colm duilleóg ina ghob agus chaith isteach san abhann é "Teigh in airde ar an duilleóg sin agus bhearfaidh sí slán sábhailte go bruach na habhna thú," a dúirt an colm.

Rinne an seangán mar a hiarradh air agus tháinig gaoth bheag agus shiab sé an duilleóg go deas suaimhneach isteach go bruach na habhna. Bhí an seangán slán sábhailte ar an talamh thirim arís.

"Go raibh maith agat" arsa an seangán leis an cholm. "Shábhail tú mo bheo. Tá súil agam go mbeidh mé féin i ndán cuidiú leatsa lá éigin, slán agus beannacht agat."

"Slán leat" arsa an colm. "Tabhair aire duit féin anois agus ná tit isteach san uisce aris."

Cupla lá ina dhiaidh sin, bhí an seangán ag siúl leis faoin crann nuair a chonnaic sé fear agus gunna aige. Bhí an gunna dírithe ar an cholm agus bhí sé fá choinne é a scaoileadh. Rith an seangán agus bhain sé greim maith gear as. Leig an fearscread as féin agus thit a ghunna ar an talamh. D'éirigh an colm in airde sa spéir agus é slán sábhailte. Thóg an fear a ghunna agus d'imigh sé leis na bhaile.

Tháinig an colm aráis ar ball. "Tá mé fiorbhuíoch diot, a chara big" ar seisean leis an seangán. "Tá tusa i ndiaidh mo bheosa a shábhail an iarraidh seo."

Tursóir (ag snámh) Bhfuil siorc ar bith san uisce seo?

Dúchasach - Níl. Tá eagla orthu roimh na crogaill.

### SCEALTA GRINN

Bhí triúr buachaill ann uair amháin agus siad na h-ainmneacha a bhí orthu na "Druid do Bhéal" Múineadh, agus Trioblóid. Chuaigh Múineadh suas ar chrann agus ghreamaigh sé. Chuaigh Trioblóid suas le cuidiú leis. Tháinig fear agus d'fiafraigh sé den bhuachaill cén tainm a bhí air, dúirt an buachaill, 'Druid do Bhéal' dúirt an fear "cá bhfuil do Mhúineadh?" Dúirt an buachaill, "Shuas sa chrann ar lorg Trioblóide"

Prionnsias Mac Loinsigh
An Gleann Mór,
Bealach Feich.
Co. Dún na nGall.


Bhí fear ag péinteáil na suíocháin i bpáirc poiblí lá amháin. Tháinig cuairteoir isteach sa pháirc agus shui sé sios ar cheann dena suiocháin. Bhí sé ar mire nuair a chonaic sé go raibh an peint fluich. "Cad chuige nach gcuireann tú "Peint Fluich" ar na suiocháin seo?" ar seisean. "Shin an rud atá mé a dhéanamh" arsa an fear eile.



Aoife Ní Fhearraigh, Aois 5 bliana. Tá sí ar scoil na Luinnigh.



Karin agus Greg Priola as Nua Eabhrach atá ar cuairt ar an Luinnigh.



TRASNA
1. Bíonn ceithre rotha faoi.
5. Cuireann tú ar an doras é san oíche
6. Ainmhí an Bhagúin.

ANUAS
2. Madadh.
3. -agus tarbh.
4. Níl sé sean tá sé -.




Pádraig Mac Dáid, A. 2
Scoil Chuimsithe,
Na Gleanntaí.

# AN BHEAN CHLISTE

Bhí saor ann fadó agus ní raibh aige ach é féin agus a mhac. Lá amháin ar seisean leis an mhac, "nach bhfuil aois do phósta agat?" "Leoga, creidim go bhfuil," arsa an mac, "ach níl dul agam bean a fháil i mo sheasamh. Is deacair bean a thoghadh."

"Is fíor duit, a mhic," arsa an tathair, "ach sílim go dtig liomsa bean a thoghadh a fhóireas duit."

"Maith go leor," arsa an mac, "cad é mar thoghadh tu í?"

"Tá," arsa an tathair, "tá dornán caorach ansin, tabhair leat chun an aonaigh iad agus díol iad le bean óg."

"Cá mhéad orthu?" arsa an mac.

"Tá," arsa an tathair "biodh na caoirigh agus a luach chun an bhaile leat."

D'imigh an mac agus na caoirigh leis agus níor stad sé go raibh sé ar an aonach. Tháinig cuid mhór ceannaitheoirí a fhiafraí de cá mhéad a bhí sé a iarraidh ar na caoirigh. Deireadh seisean i gcónaí go gcaithfeadh sé na caoirigh agus an luach a thabhairt chun an bhaile leis chuig an seanduine tráthnóna.

Bhitheas ag gáirí faoi agus ag rá nach raibh ann ach cnapán amadán, nó gur tháinig bean óg fhad leis tráthnóna nuair a bhí bunas na ndaoine ar shiúl chun an bhaile.

"Cá mhéad atá tú a iarraidh ar na caoirigh?" ar sise.

"Caithfidh mé na caoirigh agus an luach a bheith chun an bhaile liom," ar seisean.

D'imigh sí agus níorbh fhada gur tháinig sí arais ag deimheas léi. Thosaigh sí gur lom sí na caoirigh, cheannaigh sí an olann agus d'imigh an fear óg chun an bhaile agus na caoirigh leis agus luach na hollna.

"Sin bean a aithneos fear aige," arsa an seanduine, nuair a inseadh dó faoin mhargadh. "Abair léi teacht anseo tráthnóna amárach." Tháinig. Bhí mála óir ag an seanduine. Thaispean sé di é agus d'fhiafraigh di cad é a barúil dó.

"Tá," ar sise, "gur maith é le chur ina chionn."

"Dhéanfaidh tú gnoithe," arsa an seanduine agus i gceann cupla lá pósadh an lanúin.

Ní raibh siad i bhfad pósta gur tháinig scéala anall as Sasana ag iarraidh ar an saor agus ar a mhac gabhail anonn go ndéanadh siad caisleán do fhear uasal a bhí sa tír sin. D'imigh an bheirt ag tarraingt ar chuan an bháid. Bhí bealach fada rompu.

Níorbh fhada gur shuí an seanduine ar thaobh an bhealaigh. "Tá me tuirseach" ar seisean, "Ní thig liom a ghabhail nios faide gan duine éigin an bealach a ghiorrú dom."

Chuir an mac an tathair ar a dhroim, ag brath a iompar, ach ba ghoirid gur éirigh sé tuirseach den ualach. D'fhill an bheirt acu chun an bhaile.

"Cad é thug oraibh pilleadh?" arsa an bhean.

"Tá," arsa an fear, "d'iarr mo athair ormsa an bealach a dhéanamh goirid dó. Chuir mé ar mo dhroim é - nó níl a fhios agam dóigh ar bith eile leis an bhealach a ghiorrú do dhuine - ach ba ghoirid gur éirigh mé tuirseach a iompar agus b'éigean dúinn pilleadh."

"Dona do dhearcadh," arsa an bhean leis. "Imigí arais ar maidin amárach. Nuair a iarrthas d'athair ort an bealach a ghiorrú dó, tarraing ort urscéal agus lean dó go raibh sibh ar an chuan. Ní éireoidh d'athair tuirseach fhad is bheas sé ag eisteacht leis an scéal."

Ar maidin lá tharna mhárach chuaigh siad a mbeirt i gcionn an bhealaigh an dara huair. Niorbh fhada gur iarr an seanduine ar an mhac an bealach a dhéanamh goirid dó. Thoisigh an mac a scéalaíocht agus shiúl leo go raibh siad ag an chuan agus go deachaigh ar bord.

Rinn siad an caisleán i Sasana agus nuair a bhí sé déanta, ní raibh a leithead eile sa tír. Rinne an fear ar leis é amach na saoir a chur chun báis sa chruth is nach ndéanfadh siad an dara caisleán a bheadh incurtha lena cheann fhéin. Chuala an seanduine seo.

Sa deireadh tháinig an fear uasal fhad leis. "An ndearn tú aon chaisleán ariamh inchurtha leis? ar seisean.

"Cha dearn," arsa an seanduine, "ach san am cheanna níl sé gan locht."

"Cad é an locht atá air?" arsa an fear uasal.

"Seas istigh anseo ag bun an bhalla" arsa an seanduine, "agus tcifidh tú féin é. Tá barr na binne claon beag crochta; níl sé díreach."

"An féidir sin a leigheas?" arsa an fear uasal.

"Ní bheadh moill a leigheas," arsa an saor da mbeadh ball uirlise againn atá agamsa sa bhaile."

"Cad é an rud e?" arsa an fear uasal.

"Cor in aghaidh an cham agus cam in aghaidh an choir is ainm dó," arsa an saor.

"Cuirfidh mé mo ghiolla fá na choinne ar béal maidne," arsa an fear uasal.

"Níl maith ar bith duit ann," arsa an saor," ní bhfaighidh giolla ar bith é, nó duine ar bith ach mo mhacsa is do mhacsa."

"Maith go leor," arsa an fear uasal, agus diarr sé ar an dá óganach imeacht go hÉirinn fá choinne na huirlise.

Ar theacht go teach an tsaoir dóibh, chuir an bhean fáilte rompu, "ar chriochnaigh sibh an caisleán?" ar sise.

"Chriochnaigh" arsa a céile, ach tá locht amháin air. Chur mo athair anall sinn ag iarraidh ball uirlise a leigheasfadh an locht sin. Ní raibh a fhios agamsa a leithead a bheith ann ar chor ar bith.

"Cá hainm atá ar an bhall atá a dhith air." arsa an bhean.

"Tá," ar seisean, ainm nar chuala mise ariamh." Cor in aghaidh an chaim agus cam in aghaidh an choir.

Sa bhomaite d'aithin sise go rabhthas ag brath feall a imirt orthu.

"Tá sé sa chofra mhór atá thuas anseo sa tseomra," ar sise, agus chuaigh sí suas agus bhain an glas den chofra agus d'fhoscail é.

"Gabh thusa anios," ar sise le mac an tSasanaigh, "agus tóg aníos ó thóin an chofra é; is tú is faide sna sciatháin."

Aníos le mac an tSasanaigh agus chrom sé sios sa chofra a chuartú na huirlise a shíl sé a bheith ann. Leis sin féin fuair sise greim dhá chos air agus chaith sí isteach sa chofra é. Dhruid sí clár an chofra agus chuir an glas air.

"Beidh tú ansin, a óganaigh," nó go dtara athair mo chéile slán sábhailte chun an bhaile."

Chuaigh an scéal go Sasana go raibh mac an duine uasal ina phriosúnach in Éirinn, agus ligeadh a cheann leis an seanduine.

"Bhí a fhios agam go dtuigfeá mo theachtaireacht," ar seisean lena bhanchliabhan nuair a tháinig sé chun an bhaile.

Ansin ligeadh amach an fear a bhí sa chofra agus d'imigh sé go Sasana.

Mairead Anna Ní Ludhog,
Scoil Chuimsithe,
Na Gleanntaí.

# MAMAÍ

Tá mo mhamaí-sa lách agus cineálta agus séimh,
'S bíonn sí go sior ag obair dúinn féin.
Ag niochan 'sag iarnáil 's ag glanadh an ti,
Bomaite ní fhaghann sí ó mhaidin go hoíche!

Tá ar dteachín an-bheag is ar dteaglach an-mhór,
Tá mise ann agus Anna, Pádraig, Nóra, Séamas agus Eoin,
Agus an cúpla sa chliabhan, ach tá siad an-óg,
Deir Mamaí gur cosamhail í, leis an tsean bhean sa bhróg.

Da gcluinfeá an callán bhí 'dtoigh sagainne inné,
A leitheid de chaoineadh nior chuala tú riamh.
Bhí mo mhála-sa caillte is ní chuairteochainn é,
Ní iosfadh Máire an brachán, 'sní ólfadh Séamas an tae.

Bhí Pádraig agus Eoin ag troid fá liathróid,
'S bhí Anna ag caoineadh ag iarraidh milseáin.
Mhuscail sí an cúpla as thoisigh siad ag béic,
A Dhia arsa Mamaí tabhair thusa dom foighid!

D'oscail sí an doras as diarr orainn bheith amuigh,
Ná go dtabharfadh sí an tslat dúinn go trom as go tiugh.
Siúd muid uilig ina rith sios an bóthar,
'Sní stad muid go raibh muid ag doras na scoile.

Bhí muid imnioch go leor nuair bhí muid teacht na bhaile ar a trí,
Ar eagla go mbeadh Mamaí mí-shásta linn arís.
Ach nuair a nocht muid an baile siud chugainn í na rith,
As d'fáisc sí gach duine againn le na croí istigh.

An oíche sin nuair a bhí muid sa seomra na luighe,
I dtrátha an mhean oíche d'fhoscail an doras go ciúin.
Teannadh an téadach orainn as tugadh dúinn póg,
Mamaí dar ndóigh sula dteachaidh sí chun suain.

S.A.C.

# Éin na hÉireann



AN SCRÉACHÓG

Carrulas Glandarius

Jay

Éan feiceaileach agus fiú muna bhfeiceann tú é cluinfidh tú é, mar is léir óna ainm éan callánach atá ann fosta. Suaimhníonn sé cuid mhaith nuair a bhíonn a nead a thógáil aige.

Tá muid tagtha chuig an éan deireanach de chlann an Phreacháin seachtar ball atá sa teaghlach seo in Éirinn An Cág Cosdearg, An Fiach Dubh, An Fheannóg, An Preachán, An Cág, An Snag Breac agus An Scréachóg.

Fanann an preachán seo dilis don choill. Is fearr leis na crainn sealghlasa agus bíonn siad ag brath cuid mhór sa Gheimhreadh ar dhearcán na Darach. Tchifidh tú an Scréachóg san Fhomhar agus é ag piocadh na ndearcán, imeoidh sé leis an bhia ansin. Tógann sé poll sa talamh agus cuireann sé na dearcáin ann. Nuair a thiocfaidh du-luchair an Gheimhridh beidh a lón sábhailte. Cuidíonn sé fosta le scabadh na ndaracha nó ma dhéanann sé dearmad don dearnon fásfaidh sé aníos.

I dtús an Earraigh thig na Scréachógaí le chéile agus caitheann siad tamall ag toiríocht a chéile. Taobh amuigh den Earrach téann an Scréachóg thart ina bpéirí nó ina mbaicle beag.

Seans nach bhfaca tú Scréachóg riamh, níl siad le fáil in iarthar na tíre ná sa tuaisceart ach oiread.

Donn atá an téan den chuid is mó cé go mbíonn barraí gorm ar na heiteógaí agus ag eitilt dó is féidir an tóin geal a fheiceáil.

Seans go leathnoidh a reimse lefás na gcoillte agus go bhfeicfidh muid ag cur faoi thart orainn go fóill.

Tá sé ar an phreachán is dóighúla atá againn agus b'fheidir is minte.

M.Ó.M.



Foireann Ard-Scoil Mhuire Doirí Beaga (2ú bliain) a léirigh an dráma "Lámh agus Focal" Áine Ní Bhaoill a chum an dráma. (Comórtas drámaíochta idir an Cheard Scoil i Sráth na Corcra agus an Ard-Scoil a bhí ar siúl.

# FOCLAÍ SUIMIÚLA

Tá cuid mhór focal ag sleamhnú amach as gnáth chaint na ndaoine ar na saoltaí deireannacha. Sampla acu seo, focla atá ag baint le caoirí olainn, sníomhachán.

Ní le h-urchoid ar bith a d' imigh siad, ach siocair nach bhfuil caoirí comh fairsing is a bhiodh. Le na chois sin is beag daoine a bhios ag sníomh nó ag fiodaireacht, le taobh mar bhí cupla scór bliain ó shoin.

Ceanaíonn cuid mhaith daoine, giosáin, nó stocaí agus éadaí cniotálta eile atá déanta ar inill, sin nó ceanaíonn siad an snáth a snigheadh i muileann le h-ineall nó le gléasraí nua-aimseardha.

Slí nios gaiste agus nios eascaidh é seo, ach cosnaíonn sé nios mó, d' éirigh luach snáth olna 900% le triocha bliain anuas. Tháinig caill eile orainn a bhí go díreach comh h-olc sé sin imeacht na bhfocal Seo samplaí de chuid de na focla nach gcluintear rómhinic anois.

Aireamh - sin cuntas no innse scéil. Tá sé ag aireamh go bhfuil céad caorach aige - Tá sé ag radh go bhfuil.

Sean rá da chuid Thoraigh a chuala mé fadó. "Beidh ineadh ar an aireamh aige" sin "Beidh sé gann sa chuntas. Bhí lúchair orm é seo a fheiceál scríofa i dToraigh na dT-dTonn.

Beathlú - Sin im úr le cuimilt ar olainn.

Ceir - Sin gréis, nó im úr nó ola le cuimilt ar an olainn sul a ndéantar i chardáil le cártaí no cíora garbha chun í a dhéanamh mín.

Dithreabhacn - Sin uan nó caora ag imeacht ina aonar, ar seachrán.

Eiteán - Sin páirt den túirne.

Fearsaid - Sin páirt den túirne. Níl mórán acu ar fáil anois.

Galair scrathach. Sin scramh a thagadh ar dhrom caorach. Nar nigheadh le teacht an tSamhraidh, nó nar baineadh an olainn di san am cheart. Tá aire nios fearr ag caoirí ar na mallaibh.

Íneadh - Sin gráinín beag breise snáth a bhiodh de dhith ar bhean cniotála anois is arís le giosán a chríochnú.

Lomairt - Sin an cóta iomlán olna a baineadh do chaora ar theacht an tSamhraidh.

Muileann snáth - an monarca ina ndéantaí snáth nó breidín olna.

Nugadán - Uan dána nó droch mhúinte. Ní bhiodh aon cheann mar seo ach peata uain. Bhi sean ráiteas i nGaoth Dobhair "Ná tógadh aon duine a choice peata," ach bhain sin nios mó le páistí.

Olainn - na caorach a bhí ina abhar saibhris comh mór sin i gCúige Uladh cupla céad bliain ó shoin, go dtug rialtas Shasana isteach tionscal Lín éadaí d' fhonn é mhilleadh.

Peata - Uan a chaill a mháthair is a tógadh ar bhuideal.

Séala - An marc a chuir fear ar a chaora féin chun í a aithne.

Túirne - An gléas chun snáth a dhéanamh. Bhí túirne beag ann, agus shuigheadh an te a bhí ag sníomh sios agus bhogfadh sí le na cois é. An té a bhí ag sníomh le túirne mór, b' éigean dó seasamh.

Bhí muintear Thír Chonaill an-tugtha do'n tsníomhachán. Chonaic mise bean óg ag sníomh i nGleann Glacabhann i gCondae Liathroma. Bhiodh sean daoine ansin ag aireamh gur seilgeadh a sinnsear as Cuige Uladh i n-aimsir Chromail.

Ciaca bhí muintear Liathroma ag sníomhachán sa tsean-am, nó ciaca thug na h-ultaigh an cheird siar leo is deacair a inse anois.

C.N.G.B.

## Saibhreas Gaeilge

Bearrtha sa teanga' a bheadh duine a labharann go géar fá rudaí.
Béim - nó meachán ar obair mhaith.
Beochadh - ag beochadh nó ag tógáil trioblaide.
Biatachas - tráth bidh.
Blandar - nó mealladh.
Blár - Fagadh an fear bocht ar blár-gan cúnamh ar bith.
Bligheóg - duine nach bhfuil fearúil.
Blindeóg - fir. Níl ann ach sean chailleach.
Babaireacht - ag imirt cleas.
Bodhman - duine maol-intinneach.
Bodhranacht - an lae nó bánú' n lae.
Bolgam - bainne nó lán béil.

Bolsaire - de pháistí. Bionn se go sior ag caoineadh.
Bonnachán - ag na páistí. Féasta beag fá choim.
Braichlis - sú na h-eornán i gcóir póitín sul a gcuirtear an deascaidh ann.
Braodar - Nior chuir an obair lá braodair air. Rinne sé é gan mórán saothair.
Brothladh - ar pháistí nó scáirt bhagarthach.
Breast thú' - nó mo náire thú.
Brosna - ag cruinniú brosna sa choill - cipíní beaga i gcóir tine.
Builteachas - eallaigh sa chnoc. Ar fearach sa tSamhradh.

An tOileánach

## Oíche Rann na Feirste san Amharclann

Le linn Éigse Rann na Feirste i mbliana léirigh aisteoirí na háite sin dráma i gColáiste Bhríde. Bhain an lucht eisteachta sult mór as an dráma grinn seo atá bunaithe ar an scéal de chuid Mháire "Grást ó Dhia ar Mhicí." Beidh faill ag pobal Ghaoth Dobhair an dráma seo a fheiceál anois mar beidh aisteoirí Rann na Feirste san Amharclann gan mhoill.

Chuala muid go mbeidh ceoltoirí Rann na Feirste ann an oíche chéanna fosta, agus go ndéanfar an dáta a fhógairt chomh luath agus is féidir.

### IMPASSE

Éiríonn an saol nios gaiste
agus nios gaiste,
Mar chloch ag titim le fána,
an gliondar, an tsaoirse.
Éiríonn an ceol nios airde
agus nios airde,
Ach tá mé buailte agus sáraithe,
an téadóchas an daoirse.

Ba mhaith liom teitheamh nios faide
agus nios faide,
Mar dhúnmharfóiragus luach ar mo
cheann
an cinneadh, an mian
Líonann an ceol mo chluasa,
an rithim, an rithim,
Ach tá mé i gcoirnéal,
an brón an phian.

DEV.

Is mian le dearthair agus deirfiuracha Mhánuis Uí Fhearraigh, California agus Bun na Leaca, a mbuíochas a ghabháil le gach duine a rinne comhbhrón leo agus a chuir cárdaí Aifrinn agus litreacha comhbhróin chucu. Oifráilfear Aifreann ar a son.

# Thiar i nGleann Ceo

le Tadhg Ó Rabhartaigh

AR LEANSTAN

Nuair a thug Séimín fá deara go raibh sé ag teacht cóngarach don hocht a chlog bhain sé searradh breá as féin sula n-éiríodh sé ar a bhoinn. Ar an nóiméad sin cad é a chuala sé ach mótar-rothar ag teacht aníos leis an dúchleatar sin chun na sráide. Bhain an cleatar céanna sin an croí as mo dhuine bocht. Léim sé ina sheasamh, agus thug an rása sin chun na fuinneoige. Bhí an rothar ina sheasamh taobh amuigh de shiopa Eoin, an t-inneall stoptha agus diúlach caol ard sa diallait. Bhí cóta mór air, péire de bhróga láidre air, miotóga leathair air agus bairéad mianachóra a raibh lampa beag ola i bhfostú sa tosach aige ann, os cionn an phíce.

"M'anam gurb é Marcas, an buachaill, atá ann!" arsa Séimín. "Aníos as Inis Colmán ar bhuille a hocht!"

"Amach leat i gceann do ghnóthaí!" arsa Síle. "Amach leat, a deirim, sula síle sé sin gur i do luí ar do leaba a tháinig sé ort ar maidin!"

"Muire, chan i do chodladh a bhíonn tusa ar maidin, a dhuine uasail," arsa Séimín, nuair a tháinig sé a fhad le Marcas agus é sin ag fágáil a rothair ag tóin theach Eoin.

Rinne Marcas gáire tíriúil, agus é ag tarraingt de a chuid miotóg. Bhí culaith oibre air os cionn a chuid éadaigh, culaith a bhí smolchaite aige i mianacha domhaine na hAlban.

"Deirtear go scuabann an scuab úr go glan, a Shéimín," ar seisean. "Níl inti seo ach an chéad mhaidin dom, tá a fhios agat; agus bhí mé lánchinnte go mbéarfainn i do chodladh ort!"

Dar le Séimín gurbh fhearr dó labhairt ar a shon féin, ar eagla na heagla.

"Tá mé i mo stiúrthóir faoi thalamh ag d'athair le fiche bliain, a dhuine uasail," ar seisean, "agus i rith an ama sin, char beireadh sa teach orm i ndiaidh a hocht a chlog ar maidin aon lá dá raibh obair sa mhianach sin ansin; agus lena chois sin, a dhuine uasail, char beireadh riamh as láthair orm ach seachtain amháin ab éigean dom a chaitheamh i mo luí. Inseoidh duine ar bith sin duit, a dhuine uasail."

"Seachtain amháin tinnis i bhfiche bliain!" arsa Marcas, agus iad ag spaisteoireacht leo anonn a fhad le súil an mhianaigh. "M'anam go gcaithfidh sé go bhfuil tú chomh folláin le fia. An bhfuil dochar a fhiafraí díot cad é a bhí ag caitheamh ort an tseachtain sin?"

"Ba é rud a buaileadh mé, a dhuine uasail," ar seisean.

"Faoi thalamh, an ea?"

"Faoi thalamh, a dhuine uasail. Tá an boc a rinne é i Meiriceá leis na blianta. D'imigh sé gan mhoill i ndiaidh a theacht amach as an phríosún. Ní bhfaigheadh sé obair ar bith sa mhianach seo ní ba mhó."

"Go díreach!" arsa Marcas, agus é ag coimhéad na ndrithleog as teach an innill ag imeacht ar mhuin na gaoithe. "Cad é an phríosúntacht a cuireadh air?"

"Trí mhí, a dhuine uasail; agus chan leath go leor a fuair an blaigeard. Eisean a d'fhág an mant seo i mo chár—sin lorg a láimhe, a dhuine uasail."

"Lena dhoirne a rinne sé é, an ea?"

"Lena dhoirne, an crochadóir. Ní fheicfeá súil ná béal ionam, a dhuine uasail. Bhí mé dearg i mo chuid fola nuair a tugadh amach anseo mé."

"Agus cad é tháinig eadraibh?"

"Níorbh fhiú biorán ar dhúirt mé leis. Bhí sé ag gearán fá dhrochaer agus fá bhealaí ísle; agus ba é an freagra a thug mise air go raibh gach aon fhear eile chomh maith leis-sean ag obair i ndrochaer agus ag bogadaigh amach is isteach tríd bhealaí ísle, agus mura raibh sé sásta leis sin go raibh cead aige siúl leis amach. Sin anois ar dhúirt mise leis, a dhuine uasail agus, ar ndóigh, deirtear a leithéid sin go minic le cuid acu fán mhianach seo. Ní raibh an dara focal ann gur chnag sé mé. Sin anois agat an cineál boc a chastar orainn fán mhianach seo, corruair. Tá cuid acu, a dhuine uasail—agus cuid mhaith acu, fosta—nach bhfuil lá buíochais acu ar an duine uasal atá ag cur a leithéid de shaothrú ina gcosán, istigh i mbéal an dorais acu. Dheamhan gur drochmheas a bhíonn acu ormsa, leath an ama, agus mé ag iarraidh a bheith ag tabhairt gach aon seans dá dtig liom dóibh. Ach nach sin mar a bhíonn an tÉireannach i gcónaí, a dhuine uasail; gan meas madaidh aige ar an obair atá le fáil aige ina thír féin; ach é ina bhuachaill bhreá mhúinte, agus a dhá shúil á gcur taobh amach dá chloigeann aige le tréan dúthrachta, nuair a théann sé i measc na gcoimhthíoch."

Bhí Marcas Mac Alastair ag tabhairt cluaise don chaint seo; ach cé go dtug sé iomlán a brí leis, níorbh uirthi go hiomlán a bhí a aire. Bhí sé ina sheasamh taobh amuigh de shúil an mhianaigh; a dhá láimh i ngreim a chéile ar chúl a chinn aige; cába a chóta mhóir tiontaithe suas fána chluasa aige; an ghaoth mhór chóir a bheith ag baint na hanála de, corruair; agus é ag coimhéad na mianachóirí ag teacht chuige ina mbeirteanna is ina dtriúranna agus, anois is arís, ina gcorrdhuine. Bhí cuid mhaith acu ina bhfeara móra, feathógacha, agus craiceann folláin orthu. Ba bheag duine acu a dtug sé fá deara an dreach tláith sin air a chonaic sé ar chuid mhór de na mianachóirí in Albain. Glanaer na sliabh ba chúis leis sin, dar leis. Ba mhinic a chuala sé nár ghnách le mianachóirí saol fada a thabhairt leo. Ach bhí seanmhianachóirí i gceann piocóide anseo agus iad suas le deich mbliana agus trí scór; agus, de réir mar bhíodh daoine ag inse dó, bhí ní ba mhó ná aon seanduine amháin fá na malaí a chaith an mhórchuid dá saol ag obair faoi thalamh, agus a bhí ag gabháil thart go bagánta go fóill agus gan iad mórán blianta ón chéad. Rud eile a thug sé fá deara, nach raibh aon fhear de na feara seo a dtiocfadh leat marlachán a thabhairt air; agus nuair a thug sé a shúil thart ar na malaí crochta ar leor d'fhear ar bith iad a shiúl suas nó anuas, gan trácht ar a bheatha a bhaint astu, nuair a d'amharc sé air sin an mhaidin gheimhridh seo, ba é an rud a dúirt sé leis féin gur thrua, agus gur róthrua, an té ar fhág an Cruthaitheoir ina mharlachán é fá Ghleann Ceo. Thug corrfhear acu umhlú cinn dó, ag gabháil thairis dóibh, umhlú a raibh a lánbharraíocht den umhlaíocht ann, dar leis féin. Thug cuid eile acu spléachadh beag air a raibh cineál d'eagla ann, agus bhain isteach amach le luas. Bhí gasúir ina measc nach dtiocfadh dóibh a bheith baol ar na ceithre bliana déag. Tháinig beirt acu i gcuideachta a chéile agus a n-aghaidheanna dúghorm leis an fhuacht. Cosúil leis an mhórchuid dá bhfaca sé ag gabháil thairis isteach, bhí éadach na ngasúr seo iontach bratógach. Do ghasúir dá n-aois, bhí siad i bhfad róspadánta ar a gcoiscéim. Bhí péire caolchoinneal, buidéal tae agus beairtín beag aráin le gach aon fhear acu i bpócaí a chasóige, agus ba dhomhain a bhí a lámha sáite acu i bpócaí a mbrístí.

"Altú do Dhia go bhfuilimid ag imeacht isteach as an fhuacht," arsa an fear acu ba lú brí, agus an bheirt ag éalú leo isteach siar sa dorchadas.

Thug Marcas ruaig ar theach an innill gur bhreathnaigh sé an sáslach a bhí san áit sin. Bhí rópa cruach ag gabháil as teach an innill isteach i súil an mhianaigh agus ag rith idir ráillí an phríomhbhealaigh corradh maith le dhá thrian de mhíle isteach faoin tsliabh. Ba é seo an rópa a tharraingeadh amach na boscaí ina sraite agus iad fá mhaoil le gual.

"Rachaimid isteach, a Shéimín," ar seisean, ag caitheamh de a chóta mhóir agus á chrochadh ar chúl dhoras theach an innill. "Ní raibh mé istigh ann ach aon uair amháin riamh, agus bhí mé chomh beag an uair sin agus go bhfuil cuimhne caillte agam air anois, féadaim a rá."

Bhog an bheirt leo isteach. Níorbh fhada a chuaigh siad taobh istigh den tsúil gur chaill siad solas an lae agus gur fágadh sa dorchadas iad. Ach las Marcas a lampa mianaigh agus rinne Séimín amhlaidh le lampa beag ola a bhí ina láimh leis. Tháinig leo siúl díreach chun tosaigh go raibh siad leathchéad slat, nó mar sin, isteach; ach taobh istigh de sin, b'éigean dóibh a gcinn a chromadh de réir a chéile go dtí go dtáinig siad a fhad le háit sa deireadh a thug orthu a ghabháil ar a gcosa is ar a lámha ar feadh tamaill. Nuair a bhí siad leath bealaigh isteach chuala siad tormán na mboscaí ag tarraingt orthu amach mar bheadh toirneach ann a bheadh ag ardú a glóir de réir a chéile, go dtí go dtáinig an solas ar amharc fá ghiota dóibh sa deireadh. Bhí fear na mboscaí ina luí ar a bhéal is ar a shrón ar charrán bheag ar tosach agus gach aon scairt cheoil aige. Theann Marcas agus Séimín isteach le taobh an bhealaigh gur lig siad ró fada na mboscaí thart; agus le saothar mór a chrap siad iad féin isteach as an chosán a oiread agus go dtáinig leis na boscaí a ghabháil tharstu gan na cnámha a ghortú acu.

"Caithfidh sé go raibh an púdar diabhalta gann nuair a bhíothas ag déanamh an bhealaigh seo," arsa Marcas.

Rinne Séimín gáire beag.

"Tá áiteacha níos cúinge ná seo fán pholl seo, a dhuine uasail," ar seisean.

Rud ab fhíor dó. Óir nuair a chuaigh Marcas isteach giota eile agus chor sé isteach i gcraobh-bhealach, chonaic sé rudaí a chuir iontas agus náire agus fearg air. Agus cha raibh aon chraobh-bhealach dár chuir sé a cheann isteach ann nach bhfacthas dó é bheith dhá uair ní ba mheasa ná an ceann a raibh sé i ndiaidh a theacht amach as. Fear a mbeadh méid mheasartha ar bith ann, ní raibh aon dóigh aige le bogadh tríd na bealaí seo ach ar a cheithre boinn. An fear nach ndéanfadh an lámhacán, scéal cinnte gur á thochas féin a bheadh sé roimh mhórán ama. Ní bheadh a fhios agat cén uair a scoiltfeá clár d'éadain ar na goba cloiche a bhí crochta os do chionn. Agus, mura ndéanfá sin, chuirfeá do ghualainn as a háit, sin nó stiallfá an craiceann is an fheoil de do dhroim. Gasúir ba mhó a bhí ag brú na mboscaí guail amach rompu tríd na bealaí seo, nó "ag tarraingt," mar thugtaí air fán mhianach. Na gasúir a bhí seanchleachta leis an obair, bhí siad coimhéadach go leor fá dtaobh díobh féin, óir bhíodh a gcoirp sínte chomh híseal leis na ráillí acu agus iad ag brú agus ag dingeadh suas fána agus síos fána, agus an t-allas ag rith. Ach iadsan nach raibh mórán eolais acu ar an mhianach, bhí siad i dtólamh á ngortú féin. Tháinig Marcas ar fhear de na gasúir seo agus é ina shuí ar na ráillí ar chúl a bhosca agus é ag gol go géar, goirt. Bhí rothaí tosaigh an bhosca i ndiaidh titim de na ráillí agus ní raibh bealach amach aige thairis lena chur i gceart. Cibé útamáil a bhí ar an duine bhocht, bhí a sciatháin bheaga loma feannta go feoil aige in áiteacha agus iad ag cur fola. Ba thrua an feic an duine gránna, ina shuí ansin fá éadóchas, giota de chaolchoinneal sáite i gcnap dóibe ina chrág aige; na deora ag rith anuas lena ghruanna a bhí dubh daite ag dusta an ghuail; agus a bhosca guail ina luí ansin agus gan áit aige le bogadh a bhaint as, go dubh ná go bán.

Ba é rud a rinne Séimín Bán gáire faoi.

"Dar fia!" ar seisean. "Is deas an fear thusa. I do shuí ansin mar bheadh seanchailleach ann, in áit an bosca sin a tharraingt chugat féin agus é a chur i gceart arís. Is mór an náire duit é, a rún!"

Ag críochnú na cainte seo do Shéimín chóir, thug sé a aghaidh thart ar Mharcas mar bheadh sé ag dúil leis an fhear sin labhairt ar aon nós leis féin. Gnúis a bhí rite le míshásamh a fuair sé ar Mharcas agus é ina shuí ansin ar a ghogaide idir na ráillí agus gan smid as.

Dar le Séimín: "Is é an bóthar atá i ndán don ghasúr seo, agus is maith an airí air é." Ach nuair a chonaic sé an máistir óg ag gabháil ar a ghlúine agus ag cur an bhosca ar na ráillí, ní raibh ann ach nár chaill sé an anáil. Tháinig broideadh ar gach aon ribe dá chroiméal bheag le tréan iontais. Níor fágadh focal sa duine bhocht. Agus níor dhúirt an máistir óg aon fhocal leis, go dubh ná go bán. Ar an ghasúr a bhí iomlán a airesean.

"Bog leat amach le do chuid guail, ar do shuaimhneas," ar seisean, "agus má théann do bhosca de na ráillí arís, ná caill do dhóchas ar an dóigh sin, a dhuine. Suigh ar do shuaimhneas ar a chúl go dtaga duine éigin le cabhair ort. Agus, ar scor ar bith, ní fada go raibh neart fairsinge agat le do bhosca a chur ar ais ar na ráillí fá na bealaí seo. Imigh leat anois."

Dar le Séimín: "Ní stadfaidh an diúlach seo go bhfága sé gach aon chraobh-bhealach sa mhianach chomh fairsing le príomhbhealach"—rud a raibh sé cinnte de nuair a chuaigh siad isteach de chóir bhalla an ghuail agus tháinig siad ar lucht na bruiseála. Ba iadsan an dream arbh é a ngnó na bealaí a thochailt, de réir a chéile, sna sála ag lucht bhainte an ghuail.

"A fheara breátha," arsa Marcas, agus é ar a ghogaide i lár an bhealaigh, "an do choiníní atá sibh ag déanamh na mbealach seo?"

Thug cúpla duine acu spléachadh ar Shéimín agus, ar ndóigh, thug Marcas a aghaidh thart air chomh maith le duine.

"Creidim gur uaitse a fuair siad ordú na bealaí seo a fhágáil chomh cúng is atá siad, a Shéimín?" ar seisean.

"Is fíor sin, a dhuine uasail," arsa mo Shéimín gránna. "Ach ní shílim gur cóir a bheith ina dhiaidh orm. Ní dhearna mise ach an rud a hiarradh orm."

"Bhuel, déan mar iarrfaidh mise ort uaidh seo amach. Gabh thart anois de chois bhalla an ghuail agus tabhair leat amach gach aon fhear piocóide dá bhfuil ann. Cruinnigh na tarraingteoirí, fosta, agus gabhadh an t-iomlán díreach acu —gach aon fhear sa mhianach—amach a fhad leis an chéad áit a dtig ar dhuine a cheann a chromadh taobh istigh den tsúil; agus tosaíodh siad a thochailt rompu. Fágadh siad an príomhbhealach sin sé troithe ar airde agus sé troithe ar leithead. Tosaíodh siad ansin ar na craobh-bhealaí agus déanadh siad mar an gcéanna le gach aon cheann acu dá bhfuil in úsáid anois. Déanadh siad sin, a Shéimín; agus dá mbaineadh sé bliain druidte astu, ní bhainfear aon unsa guail fá seo go raibh sé déanta, agus déanta i gceart. Anois, a Shéimín, bí ar obair, a chailleach. Díolfar gach aon fhear agus gach aon ghasúr de réir an lae, go bpille siad arís ionsar a gcuid seanáiteacha."

"Maith go leor, a dhuine uasail," arsa Séimín, ag cur aoibhe ar a ghnúis nach raibh ar a chroí, agus bhog sé leis ar a cheithre boinn chomh maith is tháinig leis, isteach uathu sa dorchadas, san áit nach raibh bealach ar bith ach an spás folamh a bhí idir an dá shraith charraige ar baineadh an gual as a ngreim teann. Istigh ansin a bhí balla an ghuail, agus fir chrua á ionsaí le piocóidí.

"An gcluin tú mé, a ghiolla seo?" arsa Séimín, ag sáthadh a chinn isteach idir dhá chrann taca.

"Cad é sin?" arsa an glór toll istigh.

"Fág uait an tochailt agus cuir scéala ó dhuine go duine, soir agus siar de chois an bhalla, go gcaithfidh siad a bheith de léim amuigh chomh tiubh is thig leo. Abair leo súil an phoill a bhaint amach ar a ndícheall."

Neach a raibh aghaidh dhubh air, fiacla geala agus brollach foscailte a raibh fionnadh air, tháinig sé amach aniar as an dorchadas le solas coinnle.

"In ainm Dé, an a dhath atá contráilte?" arsa an glór toll.

"Is é a bhfuil contráilte," arsa Séimín, "gurb é ordú an mháistir óig go gcaithfidh gach aon fhear, beag is mór, a bheith amuigh ag súil an phoill ar an dá luas."

D'imigh an choinneal agus an aghaidh siar arís as amharc.

---

Tuilleadh i gceann coi

